



### Is iad táirgí Coigilteas Stáit:

		Táirgí Coigilteas Stáit
Toradh Iomlán <sup>1</sup>	AER <sup>2</sup>	<b>RÁTA SEASTA, TÉARMA SEASTA</b>
4.00%	1.32%	<b>Bannaí Coigiltis<sup>3</sup> 3 bliana</b>
9.00%	1.74%	<b>Cairteacha Coigiltis<sup>3</sup> 5 bliana</b>
22.00%	2.01%	<b>Banna DLúthpháirtíochta Náisiúnta<sup>3</sup> 10 mbliana</b>
10.00%	1.75%	<b>Tráthchoigiltis<sup>3,4</sup> 6 bliana (I GCOMHAIR SOCHAR LINBH FREISIN)</b>
		<b>RÁTA ATHRAITHEACH<sup>7</sup></b>
0.75%		<b>Cuntas Taisce<sup>5</sup></b>
1.00%		<b>Duaisbhannaí<sup>6</sup></b>

<sup>1</sup> Rátaí éifeachtach ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

<sup>2</sup> AER = "Ráta Coibhéseach Bliantúil".

<sup>3</sup> Nil sé faoi réir cáin in Éirinn ach feic Coinnioll 4 Cánachas sna Coinniollacha ar leith.

<sup>4</sup> Coigil in 12 thráthchuid agus fág ar feadh 5 bliana.

<sup>5</sup> Faoi réir DIRT (Cáin Choinneála ar Ús Taisce) ag an ráta tráthúil.

<sup>6</sup> Duaisbhannaí – is é 1.00% an ráta athraitheach a úsáidtear chun an duaischiste a ríomh. Bíonn 12 dhuais €500,000 ann in aghaidh na bliana agus na mílte duais sheachtainiúil. Ní ioctar aon ús le sealbhóirí Duaisbhanna. Ina ionad sin, ioctar ús isteach sa duaischiste míosúil, le seachadadh ar na buaiteoirí sa tarraingt sheachtainiúil.

<sup>7</sup> Is é is ciall le Ráta Athraitheach gur féidir leis an NTMA an ráta úis a ioctar ar an táirge seo a athrú ó am go ham. Cuirfear na hathruithe sin in iúl ar cheann de na bealaí seo a leanas ar a laghad: foilsíú i nuachtán náisiúnta, foilsíú ar StateSavings.ie nó fógra ar aon bhealach eile.

Liostaítear Bróisiúir agus Foirmeacha Iarratais do Tháirgí Coigilteas Stáit thuas agus tá siad ar fáil in aon Oifig Phoist nó ar líne ag StateSavings.ie agus tá táirgí Coigilteas Stáit faoi réir Théarmaí agus Coinniollacha agus an reachtaíocht ábhartha. Tá ár leabhrán Téarmaí agus Coinniollacha le fáil ar líne agus in Oifigí Poist.

### I gcomhair tuilleadh eolais ar Coigilteas Stáit

Gréasán: StateSavings.ie  
 Teileafón: 0818 20 50 60 / 01 705 7200  
 Ríomhphost: Service@StateSavings.ie  
 Tabhair cuairt ar: Aon Oifig Phoist  
 Post chuig: Coigilteas Stáit, GPO, Saorphost, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

E00166310 - BRZ 1023

# Bróisiúir agus Foirm Iarratais Táirgí Rátaí Seasta do 3, 5 & 10 mbliana



**an post**

Is gníomhaíirí iad An Post agus Cuideachta na nDuaisbhannaí de chuid Gníomhaireacht Náisiúnta an Chisteáin Náisiúnta

# Cad is Coigilteas Stáit ann?

- Tá Coigilteas Stáit mar chuid d'Fhíachas Náisiúnta na hÉireann atá á bhainistiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA).
- Nuair a chuireann tú airgead isteach in Coigilteas Stáit tá airgead á chur agat díreach chuig Rialtas na hÉireann.
- Is dualgas díreach, gan choinníoll de chuid Rialtas na hÉireann atá in aisíocaíocht airgead Coigilteas Stáit ar fad.
- Áirítear le haisíoc do chuid airgid an phríomhshuim íocaíochtaí úis agus bónaís más dlite.

## Cén chaoi gur féidir liom Táirgí Coigilteas Stáit a cheannach?

- Buail isteach in aon Oifig Phoist
- Ar líne ag [StateSavings.ie](http://StateSavings.ie)

Tá an réimse iomlán de tháirgí Coigilteas Stáit le fáil ar ár suíomh gréasáin [StateSavings.ie](http://StateSavings.ie).

### 1. Custaiméirí Reatha

Féadfaidh custaiméirí Coigilteas Stáit reatha a bhfuil an cháipéisíocht um Fhianaise Aitheantais riachtanach againn dóibh cheana féin Téarma Seasta agus Duaisbhannaí a cheannach ar líne, ar an nguthán, tríd an bpost nó ag aon Oifig Phoist.

### 2. Custaiméirí nua nó daoine nár cheannaigh ó Dheireadh Fómhair 2014

a. Tabhair cóipeanna Bunaidh nó Deimhnithe díobh seo a leanas:

- Cruthúnas ar ainm (Pas nó Ceadúnas Tiomána AE reatha).
- Cruthúnas ar sheoladh a eisíodh le sé mhí anuas (Bille Tí, Ráiteas Bainc, Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim).
- Cruthúnas ar UPSP (Cárta Seirbhíse Poiblí, Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim nó DEASP).

b. Foirm Iarratais Iomlán.

c. Tabhair an cháipéisíocht ar fad chuig d'Oifig Phoist áitiúil nó seol ar aghaidh chuig an seoladh ar leathanach 4.

d. I gcomhair Comhiarratais, ní mór don bheirt chustaiméirí freastal ar an Oifig Phoist chun Aitheantas a Dheimhniú.

### Coigilteas Stáit ar Líne

Ceadaíonn Coigilteas Stáit ar Líne duit do shealúchais a amharc agus a bhainistiú cibé áit ina bhfuil tú. Íoslódáil ráiteas, amharc do dhuaiseanna le Duaisbhannaí, ceannaigh táirgí Téarma Seasta Coigilteas Stáit agus Duaisbhannaí, amharc d'idirbhearta, iarr aisíocaíocht chuig do chuntas bainc (sealúchais aonair), ath-infheistigh i dtáirgí eile Coigilteas Stáit agus tuilleadh. Le clárú, téigh chuig [statesavings.ie/register](http://statesavings.ie/register).

### Uimhir Chustaiméara Coigilteas Stáit (SSCN)

Uimhir chustaiméara uathúil is ea an Uimhir Chustaiméara Coigilteas Stáit (SSCN) a shainníonn tú agus a chuireann ar do chumas idirbheartaíocht a dhéanamh linn go héasca. D'fhéadfadh do SSCN a bheith priontáilte ar chomhfhreagras a fhaigheann tú uainn. Féach [statesavings.ie/SSCN](http://statesavings.ie/SSCN) i gcomhair tuilleadh sonraí.

### Téarmaí agus Coinníollacha

Tá Táirgí Coigilteas Stáit faoi réir Uasteorainneacha Sealúchais, Téarmaí agus Coinníollacha eile agus an reachtaíocht ábhartha. Tá ár leabhrán Téarmaí agus Coinníollacha le fáil ar líne agus in Oifigí Poist.

### Déan Teagmháil Linn

Déan teagmháil linn ar 0818 20 50 60, (Luan go hAoine) chun tuilleadh eolais a fháil. Tá sonraí teagmhála breise ar Leathanach 4.

## A. Bannaí Coigiltis – 3 bliana – an 18ú hEisiúint

Toradh Iomlán 4% Saor ó Cháin tar éis 3 bliana – AER 1.32%

	Céatadán % de Bhónas Carnach <b>Saor ó Cháin</b>	Luach Tiontaithe €1,000 ag deireadh na tréimhse:	AER <sup>1</sup>
Bliain 1	0.00%	€1,000.00	0.00%
Bliain 2	2.00%	€1,020.00	1.00%
Bliain 3	4.00%	€1,040.00	1.32%

## B. Cairteacha Coigiltis – 5 bliana – an 25ú hEisiúint

Toradh Iomlán 9% Saor ó Cháin tar éis 5 bliana – AER 1.74%

	Céatadán % de Bhónas Carnach <b>Saor ó Cháin</b>	Luach Tiontaithe €1,000 ag deireadh na tréimhse:	AER <sup>1</sup>
Bliain 1	0.00%	€1,000.00	0.00%
Bliain 2	1.50%	€1,015.00	0.75%
Bliain 3	2.50%	€1,025.00	0.83%
Bliain 4	4.50%	€1,045.00	1.11%
Bliain 5	9.00%	€1,090.00	1.74%

## C. Banna Dúlúthpháirtíochta Náisiúnta – 10 mbliana – an 9ú hEisiúint

Toradh Iomlán 22% Saor ó Cháin tar éis 10 mbliana – AER 2.01%

	Céatadán % de Bhónas Carnach <b>Saor ó Cháin</b>	Luach Tiontaithe €1,000 ag deireadh na tréimhse:	AER <sup>1</sup>
Bliain 1	0.00%	€1,000.00	0.00%
Bliain 2	1.00%	€1,010.00	0.50%
Bliain 3	2.00%	€1,020.00	0.66%
Bliain 4	3.00%	€1,030.00	0.74%
Bliain 5	6.00%	€1,060.00	1.17%
Bliain 6	8.00%	€1,080.00	1.29%
Bliain 7	10.00%	€1,100.00	1.37%
Bliain 8	13.00%	€1,130.00	1.54%
Bliain 9	16.00%	€1,160.00	1.66%
Bliain 10	22.00%	€1,220.00	2.01%

I gcomhair Táirgí Téarma Seasta A, B agus C tabhair faoi deara:

- Íoscheannach €50, Uascheannach €120,000 in aghaidh an duine, in aghaidh an eisiúna.
- I gcás go mbristear an táirge Téarma Seasta roimh dheireadh na tréimhse, beidh an AER níos ísle

<sup>1</sup> Ráta Coibhéiseach Bliantúil.